Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2014**
**(OR. en)**

**15926/14**

**COMER 237**
**PESC 1213**
**CONOP 115**
**ECO 169**
**UD 257**
**ATO 91**
**TELECOM 219**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | An Chomhairle |
| An: | 21 Samhain 2014 |
| Uimh. an doic. roime seo: | 14690/14 COMER 214 PESC 1097 CONOP 97 ECO 140 UD 232 ATO 73 TELECOM 186 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Athbhreithniú ar Bheartas maidir le Rialú ar Onnmhairiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar Bheartas maidir le Rialú ar Onnmhairiú, mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha/Trádáil) iad an 21 Samhain 2014.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS

## AN ATHBHREITHNIÚ AR BHEARTAS MAIDIR LE RIALÚ AR ONNMHAIRIÚ

1. Is mór-onnmhaireoir ítimí dé-úsáide é an tAontas Eorpach agus is gníomhaire suntasach é i réimse na rialuithe onnmhairí maidir le frithleathadh. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit agus ag an Aontas Eorpach chun córas rialaithe onnmhairí maidir le hítimí dé-úsáide a threisiú le deich mbliana anuas, go háirithe mar fhreagra do straitéis an Aontais Eorpaigh in éadan leathadh na n-arm ollscriosta (AOS) de mhí na Nollag 2003 agus do Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Foráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 428/2009[1] bonn daingean dlí agus institiúideach ó thaobh rialú éifeachtach de, agus leasaíodh le déanaí é chun cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le nuashonrú an liosta rialaithe ítimí dé-úsáide. Aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn sa phróiseas athbhreithnithe atá déanta ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún agus tugann sí dá haire an tuarascáil maidir leis an gcomhairliúchán poiblí sa Pháipéar Uaine[2] i mí Eanáir 2013[3], an tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 16 Deireadh Fómhair 2013 maidir le cur chun feidhme an Rialacháin[4] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Aibreán 2014[5], a mholann roghanna nithiúla beartais d'fhonn rialuithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, a chuirfidh feabhas ar a n-éifeachtúlacht agus ar a gcomhchuibheas. Tá tuairim na Comhairle fabhrach maidir le forbairt bhreise ar rialuithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 134, 29 Bealtaine 2009, lch. 1.
[2] COM(2011) 393 an 30 Meitheamh 2011.
[3] SWD(2013) 7 an 17 Eanáir 2013.
[4] COM(2013) 710 an 16 Deireadh Fómhair 2013.
[5] COM(2014) 244 an 24 Aibreán 2014.

2. Is é is aidhm do rialuithe onnmhairí, agus don Rialachán maidir le Dé-Úsáid go háirithe, leathadh arm ollscriosta agus carnadh díchobhsaitheach gnáth-arm a chosc. Measann an Chomhairle go bhfuil ceist an-mhór ann do Bhallstáit maidir le leibhéil rialaithe a choimeád nó a fheabhsú agus ag an am céanna cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil agus trádáil dhlisteanach. Thairis sin, aontaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cothrom na Féinne ar bhonn domhanda do thionscal Eorpach ag a bhfuil baint le honnmhairiú ítimí dé-úsáide. Déanfaidh sé scrúdú ar an tionscnamh ón gCoimisiún chun ualach riaracháin agus saobhadh iomaíochta a íoslaghdú, costais idirbheartaíochta a bhaineann le rialú éagsúil a laghdú agus trádáil dhlisteanach a éascú. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún rialuithe aistrithe idir-AE a athmheas chun na bacainní atá ann fós sa Mhargadh Aonair a íoslaghdú, agus ag an am céanna rialuithe agus inrianaitheacht iomchuí na n-ítimí is mó íogaire a choimeád.

3. Aithníonn an Chomhairle nach mór acmhainneacht láidir a bheith ag córas rialaithe onnmhairí an Aontais Eorpaigh chun freagairt ar bhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr an riosca a eascraíonn as leathadh arm. Ba cheart do na rialuithe a bheith bunaithe ar mheasúnú dian, le rialú dírithe ar na limistéir ina mbeadh na rioscaí beartaithe níos airde. Spreagann an Chomhairle comhar le hearnáil na tionsclaíochta d'fhonn acmhainneacht an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshláin a bhaineann leis an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn. Tugann an Chomhairle dá haire rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát faoi láthair leis na córais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí, agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun an rannchuidiú sin a fheabhsú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh na Ballstáit go léir, agus nuair is iomchuí an tAontas Eorpach, rannpháirteach go hiomlán sna córais.

4. Meabhraíonn an Chomhairle an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014[6] ina n-aithnítear na saincheisteanna maidir le honnmhairiú teicneolaíochtaí áirithe faisnéise agus cumarsáide (TFC). D'fhéadfadh teicneolaíochtaí den sórt sin a úsáid i ndáil le sáruithe ar chearta an duine agus dochar a dhéanamh don tslándáil idirnáisiúnta, go háirithe i dtaca le teicneolaíochtaí a úsáidtear le hollfhaireachas, faireachán, rianú agus cinsireacht. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le tuilleadh rialuithe onnmhairí chun brú faoi chois inmheánach nó sceimhlitheoireacht a chosc. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle go mbeidh tuilleadh plé agus malartú treisithe ag na saineolaithe teicniúla ábhartha.

5. Aithníonn an Chomhairle an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le hAistriú Doláimhsithe Teicneolaíochta.

6. Comhaontaíonn an Chomhairle go gcuirfeadh comhar níos dlúithe leis an saol acadúil agus le hionaid taighde feabhas ar rialú "taighde dé-úsáide", agus ag an am céanna sheachnódh sé sin bacainní míchuí ar shaorshreabhadh eolais agus iomaíochas domhanda theicneolaíocht agus eolaíocht an Aontais Eorpaigh. Spreagann an Chomhairle iarrachtaí na mBallstát riosca úsáide neamh-airí de thaighde dé-úsáide agus an riosca a bhaineann le mí-úsáid fhéideartha taighde eolaíoch, a d'fhéadfadh cur isteach ar an tslándáil idirnáisiúnta, a laghdú.

---

6 IO L 173, 12 Meitheamh 2014, lch. 73.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil trédhearcacht iomchuí agus comhpháirtíocht shubstaintiúil leis an earnáil phríobháideach riachtanach do chóras nua-aimseartha oiriúnaitheach rialaithe onnmhairí. Mar shampla, d'fhéadfadh bunú "córas ríomh-cheadúnaithe" sna Ballstáit na nósanna imeachta riaracháin do rialuithe onnmhairí a éascú. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát gníomhaíochta múscailte feasachta agus forbartha acmhainní do riaracháin agus tionsclaíochta náisiúnta, oiliúint d'oifigigh chustaim an Aontais, agus comhar le tríú tíortha a threisiú. Tá na gníomhaíochtaí sin éigeantach chun leibhéal rialuithe domhanda a fheabhsú, agus ba cheart iad a chur chun cinn agus tacú leo go hiomchuí ag leibhéal an Aontais Eorpaigh. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé onnmhairithe dlisteanach a éascú.

8. Tá tuairim na Comhairle fabhrach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na húdaruithe ginearálta onnmhairithe atá ann cheana agus leis an bhféidearthacht Údaruithe Ginearálta Onnmhairithe nua de chuid an Aontais Eorpaigh a thabhairt isteach, arbh fhéidir trádáil íosriosca a éascú leo chun sochair gach cuideachta Eorpaí agus ag an am céanna ardleibhéal na rialuithe atá ann faoi láthair a choimeád. Ag an am céanna aithníonn an Chomhairle gur cheart go ndéanfadh na Ballstáit measúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an leibhéal ceart bainte amach maidir le comhchuibhiú ceadúnaithe (ceanglais iarratais agus coinníollacha ceadúnaithe) agus maidir le diúltú a eisiúint (critéir eisiúna).

9. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil rialú ar ítimí dé-úsáide nach bhfuil liostaithe éigeantach don rialú. Ba cheart do na Ballstáit a mheas an bhféadfaí cur i bhfeidhm rialuithe "uileghabhálacha" a fhorbairt tuilleadh, agus á aithint ag an am céanna go bhfuil an ionstraim dírithe ar chásanna sonracha. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún na roghanna maidir le malartú faisnéise feabhsaithe a fhiosrú.